

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH 2021

TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in

www.tuairisc.ie;

www.southernstar.ie; www.irishtimes.ie; www.cogg.ie; www.gaeloideachas.ie;
www.nós.ie

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2021.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ó NÓS.ie. Beidh Jenny Ní Ruiséil, múinteoir ióga as Baile Átha Cliath, ag tabhairt rang ióga beo do mhúinteoirí ar chuntas Instagram NÓS gach Satharn ar a leath uair tar éis a naoi ar maidin.

Is múinteoir ióga cumasach le taithí í Jenny atá tar éis cúig bliana a chaitheamh san Indinéis ag staidéar agus ag cleachtadh ióga. Tá sí páiseanta faoin dea-thionchar a bhíonn ag an ióga ar an tsláinte intinne agus ar an tsláinte fhisiceach.

Beidh fáilte roimh mhúinteoirí bunscoile agus mhúinteoirí meánscoile freastal ar an rang ióga seo a reáchtálfar go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a chur chuig jenny.niruiséil@nos.ie nó trí théacs a chur chuig 087 9757424.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna go mbeidh comórtas staire do pháistí bunscoile á reáchtáil sa scoilbhliain seo mar chomóradh céad bliain ar imeachtaí stairiúla tábhachtacha a tharla in Éirinn sa tréimhse ó naoi déag agus a dó dhéag go naoi déag fiche agus a dó.

Cuirfear fáilte roimh aistí ó pháistí bunscoile faoi aon cheann de na ceannteidil seo: An Réabhlóid in Éirinn; Éire agus an Chéad Chogadh Domhanda; Mná in Éirinn le linn na tréimhse réabhlóide; Cogadh na Saoirse agus An Cogadh Cathartha. Is é an líon focal is mó d'aistí ná dhá mhíle focal agus is féidir aistí a chur isteach i mBéarla nó i nGaeilge.

Is é an tríochadú lá d'Aibreán, an spriocdháta d'aistí agus fógrófar na buaiteoirí roimh dheireadh Mhí Mheán Fómhair i mbliana. Tá tuilleadh eolais ar fáil trí ríomhphost a chur chuig comórtas-staire@rialtas.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ó Ghlór na nGael. Tá leagan Gaeilge den chluiche *Cluedo* curtha ar fáil againn anois le cúnamh ó Fhoras na Gaeilge agus ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (C.O.G.G.). Is é ‘Dúnmharú san Óstán’ an teideal atá air.

Tá clú agus cáil ar an gcluiche *Cluedo* ar fud an domhain mar chluiche a spreagann comhrá agus bleachtairacht i measc na n-imreoirí. Beidh an leagan Gaeilge nua seo den chluiche ina áis iontach chun labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc foghlaimeoirí teanga.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gcluiche seo agus faoi na háiseanna go léir a chuireann Glór na nGael ar fáil ag an suíomh idirlín www.údar.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost a chur chuig áineníeanáí@glornangael.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Eoin: Dia duit, a Mhairéad. Conas atá tú?
(Tomás)
- Mairéad: Táim go diail, a Eoin go raibh maith agat. Conas atá cúrsaí leatsa?
(Áine)
- Eoin: Tá gach rud go breá, buíochas le Dia. Tá mo shláinte agam agus tar éis na bliana a bhí againn go léir nach é sin an príomhrud?
- Mairéad: Is fíor duit. An bhfaca tú go bhfuair Tim Severin bás le déanaí?
- Eoin: Chonaic mé é sin ar an bpáipéar nuachta. Suaimhneas síoraí dó. Bhí sé ochtó bliain d’aois.
- Mairéad: Bhí. Taiscéalaí cróga agus scríbhneoir den scoth ab ea é.
- Eoin: Ar léigh tú an leabhar a scríobh sé faoi thuras Naomh Breandán?
- Mairéad: Léigh. Bhí sé thar a bheith spéisiúil – tuairisc ar an tslí ar athchruthaigh sé turas an naoimh ó iarthar Chiarraí go Talamh an Éisc.
- Eoin: Eipic a bhí sa turas sin, i ndáiríre. Thrasnaigh sé an tAtlantach i gcurach déanta as adhmaid agus leathar.
- Mairéad: Tá an ceart agat, a Eoin. Is cuimhin liom é ag labhairt faoin turas ar an *Late Late Show* uair amháin. Dúirt sé gur chruthaigh go raibh sé indéanta Meiriceá a bhaint amach i mbád simplí mar a bhí ar fáil aimsir Naomh Breandán.
- Eoin: Sin é go díreach agus i bhfad roimh Chríostóir Colambas!
- Mairéad: Ba dheas a léamh gur thug criú bhád tarrthála Chúirt Mhic Shéafraigh garda onóra, le scaradh sóisialta, do Tim ag a shochraid.
- Eoin: Ní haon ionadh é sin. Bhí cónaí air le fada in iarthar Chorcaí agus bhí ard-mheas ag an bpobal sa cheantar sin air.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Niamh: Dia duit, a Sheáin. Cén chaoi a bhfuil tú?
(Treasa)
- Seán: Táim go han-mhaith, a Niamh. Cén chaoi a bhfuil tú féin?
(Seosamh)
- Niamh: Thar cionn! Tá áthas an domhain orm go bhfuil fear le fréamhacha in Iarthar na hÉireann ar ais sa teach bán!
- Seán: Is cúis áthais dúinn go léir é sin. Is fear ciallmhar stuama é Joe Biden, déarfainn.
- Niamh: Tá an ceart agat, a Sheáin. Gheall sé go mbeadh sé ina Uachtarán do chuile dhuine i Meiriceá.
- Seán: Seasann sé ar son an daonlathais ar aon nós agus tá taithí mhaith aige ar an Teach Bán cheana féin.
- Niamh: Is fíor duit. Chaith sé ocht mbliana ina Leas-Uachtarán nuair a bhí Barak Obama ina Uachtarán.
- Seán: An bhfaca tú go raibh veidhleadóir ó chontae Lú ag seinm ag a insealbhú?
- Niamh: Chonaic. Patricia Treacy an t-ainm a bhí uirthi más buan mo chuimhne.
- Seán: Sheinn sí ‘Ag Críost an Síol’ le Seán Ó Riada.
- Niamh: Is cosúil go bhfuil an-mheas ag Joe Biden ar cheol agus ar fhilíocht na hÉireann.
- Seán: Bíonn sé i gcónaí ag caint faoi Seamus Heaney ar aon nós.
- Niamh: Bíonn. Ní chuirfeadh sé ionadh ar bith orm dá dtabharfadh sé cuairt ar Éirinn ag pointe éigin le linn a Uachtaránachta.
- Seán: Bhuel! Má thagann sé go Contae Mhaigh Eo, cuirfear fáilte is fiche roimhe!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

- Pádraig: Dia is Muire duit! Cad é mar atá tú a Mhoya!
(Muiris)
- Moya: Ó a Dhia ár sábháil, a Phádraig, braithim rud beag faiteach i gcónaí faoin chróinvíreas mallaithe sin.
(Caitlín)
- Pádraig: Táimid go léir sa bhád céanna, a Mhoya. Ach ar a laghad táimid fá choinne an vacsaín a fháil go luath.
- Moya: Beidh sé cúpla mí eile sula mbíonn an vacsaín faighte ag achan duine sa tír. Ach nach bhfuil éacht déanta ag na banaltraí agus ag na dochtúirí?
- Pádraig: Bhí trua agam dóibh i Mí Eanáir. Caithfidh go raibh sé doiligh orthu nuair a bhí líon mór othar sna haonaid dianchúraim.
- Moya: Níl dabht faoi ach go gcuireann siad a mbeatha i mbaol go laethúil ar ár son.
- Pádraig: Ceapaim go bhfuil aon duine a bhíonn ag obair ar an líne thosaigh go hiontach. Tá na Gardaí ag obair go han-dian, fosta. Tá seicphointí acu in achán áit.
- Moya: Tá. Stopadh mé trí huair tráthnóna inné agus mé ar mo bhealach abhaile.
- Pádraig: Agus ar labhair siad leat as Gaeilge?
- Moya: Labhair Garda amháin liom as Gaeilge. Ní raibh ach beagán Gaeilge ag an dara Garda.
- Pádraig: Bhuel! Léigh mé sa nuachtán inné go bhfuil sé i gceist ag Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, ranganna Gaeilge ar líne a chur ar fáil do na Gardaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht.
- Moya: Tá sé sin ar dóigh. Tchífidimid an mbeidh dea-thoradh ar na ranganna!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Ag tús an earraigh, cuirfear an clár iomráiteach teilifíse *Scéal na Gaeilge*, ar fáil saor in aisce ar *YouTube*. Craoladh an clár den chéad uair ar TG4 sa bhliain dhá mhíle agus a dó dhéag. Cuirfear an clár i láthair i sé mhír éagsúla ar *YouTube* agus mairfidh gach mír thart ar fhiche nóiméad.

Clár faisnéise ar stair na Gaeilge ó thús ama go dtí an lá atá inniu ann atá ann agus is é an scoláire aitheanta Gaeilge, Alan Titley, a chuireann an clár i láthair i stíl bhríomhar bheoga. Insítear na scéalta stairiúla agus miotasacha go léir a bhfuil baint ag an nGaeilge leo trí úsáid a bhaint as meascán den scannánaíocht agus de chartúin.

Deir Ciarán Ó Cofaigh, stiúrthóir an chomhlachta a léirigh an clár, gur áis spéisiúil d'fhoghlaimoirí na Gaeilge agus do mhic léinn a bheidh sa leagan den chlár a chuirfear ar fáil ar *YouTube*.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Beidh *Cúla4 ar Scoil* ar siúl ar *TG4* gach Luan go Déardaoin ag a deich a chlog ar maidin agus arís ag a ceathair a chlog um thráthnóna. Is seirbhís í seo a thacóidh leis an bhfoghlaím ón mbaile le linn na paindéime.

Déanfar an clár a thaifeadadh i Scoil na bhForbacha i nGaeltacht Chonamara agus is í Orla Ní Fhinneadha a chuirfidh an tsraith i láthair le cúnamh ó mhúinteoirí eile. Beidh na ceachtanna go léir spreagúil agus bríomhar agus beidh siad ag teacht le torthaí foghlama churaclam na bunscoile.

Dúirt an tAire Oideachais, Norma Foley, go raibh luchtáir uirthi go mbeadh an tsraith iontach seo ar siúl ar *TG4* agus go gcabhródh an tsraith go mór le páistí atá ag freastal ar scoileanna Lán-Ghaeilge.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Nuair a aistríodh corp Thomáis Uí Mhearraí óna theach cónaithe go dtí a áit dúchais in Ucht-Uí-Néill, Co. na Mí inné, bhí scaifte mór ó Chairde Rince Céilí na hÉireann ag seasamh ag an gcrosbhóthar.

Bhunaigh Tomás Cairde Rince Céilí na hÉireann – eagraíocht a eagraíonn ranganna, ceardlanna agus fíor-chéilithe ar fud na tíre ar fad i suímh atá saor ó alcól. Cuireann an eagraíocht cúrsaí traenála agus scrúduithe ar fáil, fosta, i mBaile Átha Cliath do dhaoine ar suim leo an rince céilí a mhúineadh.

Ba mhór an onóir do Thomás gur chuir Máirtín Tom Sheáinín faoi agallamh é ar an gclár *Comhrá* sa bhliain dhá mhíle agus a trí déag. Agus é ag labhairt tar éis na sochraide, rinne Máirtín Tom Sheáinín comhbhrón le bean chéile Thomáis, Síle, agus lena iníon, Eilís, agus dúirt sé go raibh laoch mór de chuid saol cultúir na hÉireann ar lár.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.